3. Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 1 agus freagra dearfach, go hiomlán nó go páirteach, ar Cheist 2 freisin: An gcumhdaítear leis an gceart atá ag sealbhóir polasaí i leith árachais sláinte phríobháidigh chun cóip de na sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag an árachóir a fháil ceart chun cóip a fháil de na haguisíní leis an bpolasaí árachais a chuir an t-árachóir chuig an sealbhóir polasaí agus méadú préimhe á chur in iúl aige dó, chomh maith leis na litreacha mínithe agus leathanaigh bhreise ag gabháil leis sin, nó an é nach mbaineann sé ach le cóip de shonraí pearsanta amháin an tsealbhóra polasaí, agus gur féidir leis an árachóir a phróiseálann na sonraí a chinneadh conas a chuirfeadh sé na sonraí le chéile don sealbhóir polasaí lena mbaineann?

(1) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 31 Deireadh Fómhair 2022 – Gemeente Dinkelland v Ontvanger van de Belastingdienst/Grote ondernemingen, kantoor Zwolle**

**(Cás C-674/22)**

(2023/C 45/12)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Gelderland

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Gemeente Dinkelland

*Cosantóir:* Ontvanger van de Belastingdienst/Grote ondernemingen, kantoor Zwolle

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear an prionsabal dlí nach mór ús mainneachtana a íoc toisc go bhfuil ceart ann go ndéanfar cánacha arna dtobhach de shárú ar dhlí an Aontais a aisíoc a léiriú sa chaoi, i gcás ina ndeonaítear aisíocaíocht de cháin láimhdeachais don duine inchánach, nach mór ús mainneachtana a íoc dó chomh maith sna cásanna seo:

   a. Is toradh ar earráidí riaracháin de pháirt an duine inchánach, mar a luadh san ordú seo, an aisíocaíocht, nach bhfuil an cigire cánach freagrach astu in aon chor;

   b. Is toradh ar ríomh nua den scála leithroinnte chun cáin láimhdeachais a asbhaint ó na costais ginearálta an aisíocaíocht, de réir na n-imthosca dá dtagraítear san ordú seo?

2. Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 1: Cathain a bhíonn tús leis an gceart sna cásanna sin go ndéanfar ús mainneachtana a íoc?

---

**Iarratas ar réamhrialú ón Nejvyšším správním soudem (Poblacht na Seice) a taisceadh an 2 Samhain 2022 – B2 Energy s.r.o. v. Odvolací finanční ředitelství**

**(Cás C-676/22)**

(2023/C 45/13)

*Teanga an cháis: An tSeicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Nejvyšší správní soud

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* B2 Energy s.r.o.

*Cosantóir:* Odvolací finanční ředitelství

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfidh Airteagal 138(1) de Threoir 2006/112/CE [1] ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, a léirmhíniú i gcomhréir leis an mbreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 9 Nollaig 2021 i gCás C-154/20, *Kemwater ProChemie*, EU:C:2021:989, ionas nach mór éileamh ar dhíolúine ó cháin bhreisluacha (CBL) ar sholáthar earraí do Bhallstát eile de chuid an Aontais a dhiúltú, gan gá go ndéanfaidh na húdaráis chánach a chruthú go raibh baint ag soláthraí na n-earraí le calaois CBL, más rud é gur mhainnigh an soláthraí soláthar earraí d'fhaighteoir ar leith a shonraítear sna doiciméid chánach a chruthú agus go bhfuil stádas duine inchánach aige sa Bhallstát eile, cé go bhfuil sonraí ar fáil chun a fhíorú, i bhfianaise fhíorais an cháis agus na faisnéise a chuir an duine inchánach ar fáil, go raibh an stádas sin ag an bhfaighteoir iarbhír sa Bhallstát eile de chuid an Aontais Eorpaigh?

(1) IO 2006, L 347, lch. 1.

---

**Caingean arna tabhairt an 4 Samhain 2022 – An Coimisiún Eorpach v Éire**

**(Cás C-679/22)**

(2023/C 45/14)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: U. Małecka, L. Malferrari, E. Manhaeve, L. Armati, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Éire

**Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt:**

— a dhearbhú, trí mhainneachtain na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin (go léir) is gá a ghlacadh chun an Treoir (AE) 2018/1808 [1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE [2] maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) a chomhlíonadh i bhfianaise athruithe ar an margadh; nó, in aon chás, trí mhainneachtain iad a chur in iúl don Choimisiún, gur mhainnigh Éire a hoibleagáidí faoi Airteagal 2 den Treoir a chomhlíonadh;

— a ordú d'Éirinn cnapshuim a íoc leis an gCoimisiún bunaithe ar mhéid laethúil EUR 5 544,9 in aghaidh an lae le cnapshuim íosta EUR 1 376 000.

— más rud é go leanann an mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh dá dtagraítear i mír 1 go dtí dáta seachadta an bhreithiúnais sna himeachtaí seo, a ordú d'Éirinn íocaíocht phionósach EUR 33 257,2 in aghaidh an lae a íoc leis an gCoimisiún ó dháta an bhreithiúnais sna himeachtaí seo go dtí an dáta a gcomhlíontar a hoibleagáidí faoin Treoir; agus

— a ordú d'Éirinn na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Le Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018, leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh. Le Treoracha 2010 agus 2018, comhchuibhítear an reachtaíocht náisiúnta maidir leis na meáin chlosamhairc craoltaí traidisiúnta teilifíse agus seirbhísí ar éileamh. Foráiltear le Treoir 2018 rialacha chun forbairtí teicneolaíochta a mhúnlú agus cruthaítear cothrom na féinne do na meáin chlosamhairc atá ag teacht chun cinn.